**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6854/26**

**MIGR 61**
**JAI 263**
**ASIM 15**
**SOC 120**
**EMPL 51**
**EDUC 67**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 462 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 29.1.2026<br>maidir le daoine tréitheacha a mhealladh le haghaidh na nuálaíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 462 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 462 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.1.2026
C(2026) 462 final

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

**an 29.1.2026**

**maidir le daoine tréitheacha a mhealladh le haghaidh na nuálaíochta**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.1.2026**

**maidir le daoine tréitheacha a mhealladh le haghaidh na nuálaíochta**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Náisiúnaigh tríú tír a bhfuil scileanna speisialaithe nó acmhainneacht láidir nuálaíochta acu, lena n-áirítear taighdeoirí, mic léinn agus céimithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM), oibrithe ardcháilithe agus ardoilte, bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta, agus fiontraithe nuálacha, tá sé fíor-riachtanach iad a mhealladh agus a choinneáil chun fás eacnamaíoch, iomaíochas agus ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais a choinneáil ar bun.

(2) Tá tábhacht ar leith ag baint le daoine tréitheacha a mhealladh le haghaidh na nuálaíochta i bpríomhearnálacha le haghaidh iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an teicneolaíocht dhomhain agus an nuálaíocht cheannródaíoch amhail an intleacht shaorga ('IS'), an teicneolaíocht chandamach agus leathsheoltóirí, domhain fhíorúla, teicneolaíochtaí glana agus in-athnuaite (lena n-áirítear teicneolaíocht núicléach), biteicneolaíocht (lena n-áirítear feidhmchláir sláinte agus bhithgheilleagair), ardmhonaraíocht agus ábhair ardfhorbartha, agus cibearshlándáil.

(3) Mar gheall ar ghanntanais leanúnacha saothair agus scileanna in earnálacha diannuálaíochta, laghdaítear acmhainneacht an Aontais a spriocanna a bhaint amach. Tá méadú beagnach faoi dhó tagtha ar na ganntanais sin ó bhí 2015 ann agus meastar go leanfaidh siad ar aghaidh, agus meastar go mbeidh próifílí ardoilte ag teastáil le haghaidh níos mó ná leath de na folúntais nua poist faoi 2035. Cuireann bearnaí inscne leis an ganntanais sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an lucht saothair san eolaíocht agus san innealtóireacht, agus san earnáil fiontraíochta gnó. Léiríonn na ganntanais freisin bacainní ar úsáid iomlán a bhaint as scileanna náisiúnach tríú tír a bhfuil cónaí orthu san Aontas cheana féin, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le haitheantas cáilíochta agus rochtain theoranta ar fhostaíocht atá ag teacht lena bpróifílí. Bíonn tionchar díréireach ag na ganntanais sin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar ghnólachtaí nuathionscanta agus bíonn deacrachtaí acu na daoine tréitheacha is gá a mhealladh chun uas-scálú agus dul san iomaíocht ar fud an domhain[1].

(4) Tá sé ríthábhachtach i gcónaí leas a bhaint as acmhainneacht lucht saothair dílis an Aontais. Mar sin féin, is gá freisin daoine oilte agus nuálacha ó lasmuigh den Aontas a

[1] *Employment and Social Developments in Europe 2024 – Addressing Labour and Skills Shortages for Europe's Green and Digital Future* [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2024 – Aghaidh a thabhairt ar Ghanntanais Saothair agus Scileanna do Thodhchaí Ghlas agus Dhigiteach na hEorpa], an Coimisiún Eorpach, 2024.

mhealladh chun píblíne tallainne inbhuanaithe a áirithiú lena neartófar iomaíochas an Aontais agus lena gcumasófar dul chun cinn maidir lena thosaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm. I dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos éiginnte, is príomhthoisc tharraingteacha iad oscailteacht an Aontais, urraim do chearta bunúsacha, saoirse acadúil agus institiúidí daonlathacha láidre do dhaoine oilte agus nuálacha a bhfuil timpeallacht chobhsaí oscailte á lorg acu a chuirfidh ar a gcumas maireachtáil, oibriú agus cruthú gan bhac.

(5) Athdhearbhaítear leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann[2] a thábhachtaí atá sé scileanna agus daoine tréitheacha a mhealladh chuig an Aontas. Le blianta beaga anuas, tá sraith beart reachtach, oibríochtúil agus réamhbhreathnaitheach curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear togra chun Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh[3] a bhunú chun earcaíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus Comhpháirtíochtaí Tallainne a bhunú chun creataí comhair struchtúrtha a chur chun cinn le tíortha comhpháirtíochta.

(6) Ba cheart tacú le cur chun feidhme éifeachtach na mbeart chun daoine tréitheacha a mhealladh trí dul i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta, go háirithe maidir le slándáil doiciméad, bainistiú céannachta agus malartú faisnéise, rud a thabharfaidh aghaidh ar na hábhair imní a d’fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar ‘imirce daoine oilte’ freisin. Leis an gcomhar sin, ba cheart iarracht a dhéanamh an mhuinín fhrithpháirteach a neartú, cur le sláine na nósanna imeachta um ligean isteach agus comhpháirtíochtaí níos leithne de chuid an Aontais, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Tallainne agus rannpháirtíocht i gcomhthéacs an mhéadaithe agus na comharsanachta a chomhlánú. Sa chomhthéacs sin, leis an gComhshocrú don Mheánmhuir[4], treisítear tábhacht na soghluaisteachta tallainne chun comhpháirtíochtaí cuimsitheacha a fhorbairt, agus déantar ardoideachas a chothú, soghluaisteacht do mhic léinn a chur chun cinn agus moltar go mbunófaí Ollscoil na Meánmhar.

(7) Leagadh amach in Aontas na Scileanna[5] na príomhspriocanna insoláthartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, agus é mar chuspóir leis scileanna a mhealladh agus a choinneáil ó thríú tíortha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus chun tallann a fhorbairt san Aontas. Leagadh béim ann freisin ar a thábhachtaí atá sé tacú leis an lánpháirtiú agus le saol an teaghlaigh chun oibrithe agus taighdeoirí oilte a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear an gá atá le gairmeacha tarraingteacha taighde a fhorbairt mar a chuirtear chun cinn leis an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí.

(8) Is é is aidhm d’Aontas na Scileanna, faoi 2030, go dtiocfaidh 350 000 foghlaimeoir ar a laghad ó lasmuigh den Aontas gach bliain chun staidéar a dhéanamh agus céim tríú leibhéal a bhaint amach san Aontas. Is cuid tábhachtach d’Aontas na Scileanna é clár Erasmus+, lena n-áirítear trí thionscnaimh shuaitheanta amhail Erasmus Mundus, comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha agus céim/lipéad Eorpach comhpháirteach amach anseo.

(9) Leis an Straitéis um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint atá ar na bacáin agus a fógraíodh in Aontas na Scileanna, rannchuideofar freisin le tarraingteacht mac léinn

[2] COM (2020) 609 final.
[3] COM (2023) 716 final.
[4] JOIN(2025) 26 final.
[5] COM (2025) 90 final.

agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, ar féidir leo tacú le nuálaíocht an Aontais.

(10) Leis an tionscnamh '*Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht*'[6], cuirtear an Eoraip chun cinn mar cheann scríbe barr feabhais do mhic léinn, do thaighdeoirí agus do ghairmithe idirnáisiúnta, agus is é is aidhm do Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá ag Méadú[7] an áit is fearr ar domhan a dhéanamh den Eoraip chun cuideachtaí domhanda atá faoi thionchar na teicneolaíochta a sheoladh agus a fhás, lena n-áirítear cuideachtaí teicneolaíochta doimhne. Cuirtear i dtábhacht sna tionscnaimh sin, in éineacht leis an bPlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga[8], ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hearnálacha na teicneolaíochta doimhne, na hintleachta saorga, na teicneolaíochta glaine, na sláinte agus na seirbhísí digiteacha d'iomaíochas agus do cheannasacht na hEorpa, chomh maith leis an ngá atá ann a áirithiú gur féidir leis an Aontas na gairmithe oilte a chuireann na hearnálacha sin chun cinn a mhealladh. Is príomhionstraim iad Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie chun daoine tréitheacha idirnáisiúnta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, rud a thacaíonn le hoiliúint agus forbairt gairme taighdeoirí ó gach cearn den domhan, ag gach céim dá ngairmeacha beatha. Ar deireadh, tacóidh tionscnamh an Aontais maidir le Cairpéad Gorm, a seoladh le Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, le daoine tréitheacha ardoilte agus éagsúil a mhealladh agus a choinneáil, ag díriú ar oideachas fiontraíochta, ar ghnéithe cánach de scair-roghanna fostaithe agus ar fhostaíocht trasteorann.

(11) Cuireann an Coimisiún tacaíocht ar fáil trí thionscnaimh leanúnacha agus trí thionscnaimh atá beartaithe arb é is aidhm dóibh tarraingteacht an Aontais do thallann a neartú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí a bhaineann le 'Roghnaigh an Eoraip' le haghaidh taighde agus nuálaíochta. Áireofar leis na hiarrachtaí sin deiseanna maoiniúcháin agus gníomhaíochtaí cumarsáide chun daoine tréitheacha a chur ar an eolas maidir le deiseanna fostaíochta in eagraíochtaí taighde san Aontas.

(12) Is é is aidhm don Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht atá ar na bacáin cur in úsáid na nuálaíochta a mhéadú agus dlús a chur leis agus feabhas a chur ar an timpeallacht rialála do chuideachtaí nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Le togra ón gCoimisiún le haghaidh Gníomh um an Limistéar Eorpach Taighde (LET), neartófar freisin infheistíochtaí taighde agus forbartha, déanfar tosaíochtaí infheistíochta an Aontais agus tosaíochtaí infheistíochta náisiúnta a ailíniú, agus tacófar le soghluaisteacht taighdeoirí i dtreo an Aontais agus laistigh de. Leis an bPlean Gníomhaíochta ón gCoimisiún maidir le Mná sa Taighde, sa Nuálaíocht agus i nGnólachtaí Nuathionscanta, tabharfar aghaidh ar na bearnaí inscne leanúnacha sin a chuireann srian ar leas iomlán a bhaint as acmhainneacht tallainne agus nuálaíochta, agus beidh sé d'aidhm aige an tAontas a bhunú mar an áit is tarraingtí ar domhan do mhná sna réimsí sin faoi 2030.

(13) Ina theannta sin, tá mealladh daoine tréitheacha idirnáisiúnta le haghaidh na nuálaíochta agus an iomaíochais ar cheann de phríomhchuspóirí na chéad straitéise beartais víosaí riamh de chuid an Aontais[9], straitéis ina leagtar amach creat le

[6] https://euraxess.ec.europa.eu/jobs#choose-europe-for-science-new.
[7] COM (2025) 270 final.
[8] COM (2025) 165 final.
[9] COM(2026) 43.

haghaidh beartas víosaí lena gcuirtear leasanna fadtéarmacha na hEorpa chun cinn, tríd an tslándáil a neartú ar fud limistéar Schengen, trí rathúnas agus iomaíochas an Aontais a chothú, agus trí shuíomh agus athléimneacht na hEorpa a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda.

(14) Ba cheart don Aontas na gníomhaíochtaí a seoladh cheana a chur chun feidhme, agus dlús a chur lena iarrachtaí bearta breise a dhéanamh chun bheith ina gceann scríbe tarraingteach do thallann idirnáisiúnta ar féidir lena scileanna, lena n-eolas nó lena ngníomhaíochtaí cur lena iomaíochas agus lena éiceachórais nuálaíochta. Leis na bearta sin, ba cheart feabhas a chur ar an rochtain ar chreataí an Aontais agus ar chreataí náisiúnta le haghaidh staidéir, taighde, fostaíocht ardcháilíochta agus ardoiliúna, bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe nuálacha, agus ar chur chun feidhme na gcreataí sin.

(15) Ba cheart an tsolúbthacht dá bhforáiltear i gcreat dlíthiúil an Aontais a úsáid chun ligean isteach tallainne idirnáisiúnta a luathú agus a éascú agus chun tarraingteacht an Aontais a mhéadú. Ba cheart bearta oibríochtúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon a bheith ag gabháil leis na bearta sin.

(16) Le *acquis* an Aontais, cuirtear creat ar fáil chun na daoine tréitheachais fearr ó thríú tíortha a mhealladh agus a choinneáil. Le Treoir (AE) 2016/801 ('an Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí')[10] déantar na coinníollacha iontrála agus cónaithe do mhic léinn agus do thaighdeoirí a chomhchuibhiú, lena n-éascaítear soghluaisteacht agus deiseanna iarstaidéir agus taighde; Le Treoir (AE) 2021/1883 ('an Treoir maidir le Cárta Gorm AE')[11] bunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le ligean isteach agus cearta oibrithe ardcháilithe. Comhlánaítear na rialacha sin le Treoir 2003/86/CE ón gComhairle ('an Treoir maidir le hAthaontú Teaghlaigh')[12] lena leagtar síos na coinníollacha maidir le hathaontú teaghlaigh, gné a bhfuil ról tábhachtach aici maidir le daoine tréitheacha eachtracha a mhealladh agus a choinneáil agus maidir le lánpháirtiú fadtéarmach a chur chun cinn.

(17) Leantar den bhonn a bhaint d'éifeachtacht chreat an Aontais agus cuirtear teorainn lena tharraingteacht agus lena infheictheacht ar an leibhéal domhanda mar gheall ar nósanna imeachta fada, deacrachtaí d'oibrithe tréitheacha rochtain a fháil ar chonsalachtaí, easpa faisnéise agus scéimeanna casta náisiúnta, lena n-áirítear scéimeanna do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontraithe nuálacha. Laghdaítear leis sin freisin tionchar iarrachtaí an Aontais i réimsí eile, amhail oideachas, taighde nó nuálaíocht.

(18) Chun daoine tréitheacha idirnáisiúnta a mhealladh chuig an Aontas, tá sé ríthábhachtach nósanna imeachta um ligean isteach atá tapa, trédhearcach agus intuartha a bheith ann. Is féidir gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh chun próisis

---

10 Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair au pair, IO L 132, 21.5.2016, lch. 21 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/801/oj).

11 Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíocht dár gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle, IO L 382, 28.10.2021, lgh. 1–38 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/1883/oj).

12 Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh, IO L 251, 3.10.2003, lch. 12, (ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/86/oj), agus le Treoir (AE) 2016/801 (do thaighdeoirí) agus Treoir (AE) 2021/1883 soláthraítear rialacha níos fabhraí.

iontrála a dhéanamh níos simplí agus níos intuartha, chun amanna próiseála a ghiorrú, agus chun a áirithiú go mbeidh córais chonsalacha agus riaracháin feistithe go leordhóthanach chun iarratais a láimhseáil go héifeachtúil agus coimircí i gcoinne mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann á n-áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear trí thacaíocht a chur ar fáil le maoiniú ón Aontas.

(19) Tá sé ríthábhachtach peirspictíochtaí fadtéarmacha a neartú chun taighdeoirí, mic léinn idirnáisiúnta, oibrithe ardcháilithe agus ardoilte, agus bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe nuálacha a mhealladh agus a choinneáil. Le Treoir 2003/109/CE ón gComhairle (an 'Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha')[13], tugtar an deis stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil tar éis 5 bliana de chónaí dlíthiúil leanúnach i mBallstát, agus tacaítear le daoine tréitheacha an-soghluaiste amhail taighdeoirí agus oibrithe ardoilte. Leis an togra ón gCoimisiún[14] chun an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha a athmhúnlú, rannchuideofaí a thuilleadh leis an Aontas a dhéanamh níos tarraingtí.

(20) Cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint agus a scileanna a bhailíochtú, tá sé sin ríthábhachtach chun daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil. Leis An Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna, atá le glacadh in 2026, fiosrófar an molfar rialacha comhchoiteanna le haghaidh nósanna imeachta níos simplí chun aitheantas agus bailíochtú cáilíochtaí agus scileanna náisiúnach tríú tír a láimhseáil.

(21) Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar sholáthar faisnéise do dhaoine tréitheacha thar lear, comhordú a threisiú i measc institiúidí oideachais, oiliúna agus taighde agus gníomhaithe nuálaíochta agus acmhainneacht riaracháin leordhóthanach a áirithiú chun nósanna imeachta a dhéanamh níos tapúla, níos trédhearcaí agus níos éifeachtaí.

(22) Ba cheart moltaí spriocdhírithe a chur i láthair chun rochtain daoine tréitheacha ar an Aontas agus ar na Ballstáit a éascú agus chun nósanna imeachta iarratais a chuíchóiriú, chun bearta a threisiú chun daoine tréitheacha idirnáisiúnta a mhealladh agus a choinneáil ar féidir leo rannchuidiú le hiomaíochas agus fás an Aontais, chun acmhainneacht agus rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú agus chun sásraí comhordúcháin a chur chun cinn.

(23) Tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu san Aontas nó náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cosaint de dhíth orthu agus a easáitíodh i dtríú tír, d'fhéadfadh sé go mbeadh scileanna acu atá de dhíth i margadh saothair na hEorpa nó d'fhéadfadh acmhainneacht nuálaíochta láidir a bheith acu. Mar sin féin, d'fhéadfadh dúshláin shonracha a bheith rompu maidir le rochtain a fháil ar cheadanna cónaithe chun críche staidéir, taighde agus fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le rochtain ar nósanna imeachta aitheantais le haghaidh dioplómaí eachtracha, teastais agus fianaise eile ar cháilíochtaí foirmiúla, go háirithe i gcúinsí ina bhfuil easpa fianaise dhoiciméadach nó neamhábaltacht na costais a bhaineann le nósanna imeachta aitheantais a sheasamh. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an taithí a forbraíodh trí bhealaí comhlántacha a bhaineann

[13] Treoir 2003/109/CE ón gComhairle maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, IO L 16, 23.1.2004, lch. 44 (ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/109/oj).

[14] COM (2022) 650 final.

leis an obair nó leis an oideachas, i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas[15].

(24) Ba cheart comhar agus malartú faisnéise maidir le tallann a mhealladh le haghaidh nuálaíochta idir na Ballstáit, comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fhoghlaim fhrithpháirteach agus trí mhalartú dea-chleachtas. Ba cheart Ardán um Tallann a Mhealladh don Nuálaíocht a chur ar bun chun saineolaithe ó na fóraim atá ann cheana maidir leis an imirce, an fhostaíocht, an t-oideachas agus an nuálaíocht a thabhairt le chéile d'fhonn sineirgí a chruthú, comhordú a áirithiú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta.

(25) Ba cheart don Choimisiún breithniú rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta, ag tosú in 2026, agus measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le coigeartuithe reachtacha spriocdhírithe chun nósanna imeachta a dhéanamh níos simplí agus níos freagrúla d'uaillmhianta iomaíochais agus nuálaíochta an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi thionscnaimh náisiúnta ábhartha, faoi athchóirithe, faoi dhea-chleachtais agus faoi staidreamh.

(26) Ba cheart don Mholadh seo díriú ar chreataí iontrála agus cónaithe le haghaidh tréimhsí fanachta níos faide ná 90 lá. D'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh freisin bearta an Mholta seo a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí ábhartha náisiúnach tríú tír a bhfuil ceanglas víosa orthu agus a thugann cuairt ar an Aontas chun críche staidéir, taighde nó gnó, le haghaidh tréimhsí fanachta suas le 90 lá laistigh de thréimhse 180 lá, ar choinníoll go bhfuil sé sin i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais maidir le víosaí gearrthéarmacha[16].

(27) Tá an Moladh seo gan dochar d'inniúlacht na mBallstát líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach chun críocha oibre a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 79(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

## ROCHTAIN AR AN AONTAS AGUS AR NA BALLSTÁIT A ÉASCÚ AGUS NÓSANNA IMEACHTA IARRATAIS A CHUÍCHÓIRIÚ LE hAGHAIDH DAOINE TRÉITHEACHA

### Bearta chun cur isteach agus meastóireachtaí ar iarratais ar víosaí fadfhanachta agus ar cheadanna cónaithe a éascú

1. Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta iarratais atá simplí, tapa, trédhearcach agus digitithe chun oibrithe ardoilte a bhfuil ardscileanna acu a dhreasú, chomh maith le heagraíochtaí taighde, institiúidí oideachais agus oiliúna agus fostóirí chun leas a bhaint as deiseanna soghluaisteachta idirnáisiúnta.

2. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt d'iarratasóirí iarratais a chur isteach go cianda nó go pearsanta. Níor cheart gá a bheith le ceapacháin ar an láthair ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leo, mar shampla chun sonraí bithmhéadracha a sholáthar nó i gcás amhras réasúnach go mbeadh náisiúnaigh tríú tír ina gcónaí san

---

[15] Moladh (AE) 2020/1364 an 23 Meán Fómhair 2020 ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas: athlonnú, ligean isteach daonnúil agus bealaí comhlántacha eile a chur chun cinn (IO L 317, 1.10.2020, lch. 13 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2020/1364/oj).

[16] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lch. 1 (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj).

Aontas chun críoch eile seachas na críocha sin a ndéanann siad iarratas ar ligean isteach ina leith. I gcás ina bhfuil gá le hiarratais ar an láthair, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh fáil ar shliotáin cheapacháin leordhóthanacha atá inrochtana go héasca chun iarratais a chur isteach, chun agallaimh a dhéanamh agus chun víosaí fadfhanachta nó ceadanna cónaithe a bhailiú.

3. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh coimircí iomchuí ag gabháil le bearta chun tíolacadh iarratas a éascú, chun a áirithiú nach mbeidh náisiúnaigh tríú tír ina mbagairt ar an mbeartas poiblí, ar an tslándáil phoiblí ná ar an tsláinte phoiblí, agus chun mí-úsáid agus calaois a chosc, lena n-áirítear trí bharántúlacht agus iontaofacht na n-eintiteas óstach agus na bhfostóirí a fhíorú, trí na doiciméid tacaíochta a fhíorú, agus trí phróifíl na n-iarratasóirí atá ag iarraidh taighde, staidéar nó obair a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo (e.g. cosaint, fuinneamh núicléach, faisnéis, etc.). Ba cheart do na Ballstáit sásraí faireacháin comhréireacha a chur i bhfeidhm freisin tar éis do na náisiúnaigh tríú tír teacht isteach ina gcríoch chun a áirithiú go leanfar de na coinníollacha maidir le ligean isteach a chomhlíonadh agus nach dtagann aon riosca nua chun cinn don tslándáil phoiblí ná don bheartas poiblí, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh nach bhfuil aon rioscaí ann don bheartas poiblí agus don tslándáil phoiblí, go háirithe rioscaí sceite teicneolaíochta.

4. Ba cheart do na Ballstáit córais iarratais ar líne a chur i bhfeidhm atá soláimhsithe, éifeachtúil agus lenar féidir sonraí a mhalartú agus a chomhordú ar bhealach slán agus idir-inoibritheach[17] idir na húdaráis náisiúnta inniúla a bhfuil baint acu le hiarratais a phróiseáil.

5. Moltar do na Ballstáit acmhainní consalacha a chomhthiomsú agus a chomhordú i dtríú tíortha, i gcás inarb ábhartha, chun aghaidh a thabhairt ar acmhainneachtaí teoranta na n-údarás consalach. D'fhéadfaí a áireamh ar an gcomhar sin ranna comhroinnte nó comhpháirteacha maidir le víosaí, faisnéis spriocdhírithe a sholáthar maidir leis na nósanna imeachta iarratais agus nósanna imeachta maidir le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a éascú do mhic léinn idirnáisiúnta, do thaighdeoirí, d'oibrithe ardoilte agus ardoilte, do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontraithe nuálacha. D'fhéadfaí na ranna tiomnaithe sin a bhunú i gcomhar le Toscaireachtaí an Aontais, le gníomhaireachtaí nuálaíochta náisiúnta agus le comhlachais tráchtála, agus féadfaidh siad gníomhaíochtaí cur chun cinn a óstáil freisin.

6. I gcás nach bhfuil ionadaíocht taidhleoireachta nó chonsalach ag Ballstát i dtríú tír, ba cheart dó na bearta is gá a dhéanamh chun cur isteach iarratas a éascú, mar shampla trí chóras chun iarratais a chur isteach ar líne nó trí shocruithe ionadaíochta le Ballstáit eile atá i láthair sa tríú tír sin.

**Bearta chun coinníollacha iontrála níos simplí a chothú**

7. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as nósanna imeachta formheasa nó aitheantais d'eagraíochtaí taighde, d'institiúidí ardoideachais agus d'fhostóirí chun iarratasóirí a dhíolmhú ó cheanglais dhoiciméadacha áirithe, trí úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear faoi Airteagail 9 agus 15 de Threoir (AE) 2016/801 agus Airteagal 13 de Threoir (AE) 2021/1883. Ar mhaithe le trédhearcacht agus chun

[17] Is féidir idir-inoibritheacht chórais iarratais na mBallstát a éascú trí na hacmhainní ábhartha ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

a áirithiú go bhfuil iarratasóirí ar an eolas faoi na héascuithe a sholáthraítear d'eagraíochtaí taighde formheasta agus aitheanta, d'institiúidí ardoideachais agus d'fhostóirí, ba cheart do na Ballstáit liostaí nuashonraithe d'eintitis óstacha agus tacaíochta fhormheasta agus d'fhostóirí aitheanta a fhoilsiú go rialta ar na suíomhanna gréasáin céanna inar féidir le hiarratasóirí teacht ar fhaisnéis maidir le víosaí fadfhanachta agus nósanna imeachta um chead cónaithe.

8. Ba cheart do na Ballstáit laghdú a dhéanamh ar na doiciméid nó ar an bhfianaise nach mór d'iarratasóirí a chur i láthair agus iarratas á dhéanamh acu ar staidéar, taighde nó obair ardleibhéil in eagraíocht taighde fhormheasta, in institiúid ardoideachais fhormheasta nó ar son fostóir aitheanta, mar a cheadaítear faoi Airteagal 8(3) agus Airteagal 11(3) de Threoir (AE) 2016/801 agus Airteagal 13(2) de Threoir (AE) 2021/1883. Ar a laghad, ba cheart do na Ballstáit iarratasóirí a dhíolmhú ó dhoiciméid a sholáthar atá fíoraithe cheana féin ag an eintiteas óstach nó ag údarás inniúil eile, amhail cruthúnas ar chóiríocht, aistriúcháin ar dhioplómaí, cruthúnas ar árachas breoiteachta, tástálacha ar an margadh saothair nó doiciméid tacaíochta eile a ndearnadh measúnú orthu roimhe sin le linn an phróisis formheasa nó aitheantais.

9. Is minic nach mbíonn náisiúnaigh tríú tír a thagann isteach san Aontas chun críche staidéir, taighde nó fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí nó ardscileanna ar an eolas faoin seoladh a bheidh acu amach anseo tráth a chuireann siad a n-iarratas isteach ná nach féidir leo cóiríocht chuí a fháil ar cíos gan conradh fostaíochta sínithe agus víosa fadfhanachta nó cead cónaithe bailí a bheith acu. Ba cheart do na Ballstáit staonadh ó cheangal a chur ar mhic léinn, ar thaighdeoirí agus ar oibrithe ardcháilithe seoladh a thabhairt sa Bhallstát atá i gceist tráth an iarratais, lena n-áirítear seoladh sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Threoir (AE) 2016/801 agus le hAirteagal 5(7) de Threoir (AE) 2021/1883.

10. Chun an Cárta Gorm AE a dhéanamh níos inrochtana do thallann nuálach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a mheas:

   – tairseacha tuarastail níos ísle a chur i bhfeidhm do ghairmeacha a bhfuil ganntanais struchtúracha rompu agus do chéimithe ollscoile nua, laistigh de na corrlaigh a cheadaítear le hAirteagal 5(4) de Threoir (AE) 2021/1883; agus

   – glacadh le taithí ghairmiúil ábhartha in ionad cáilíochtaí foirmiúla le linn an nós imeachta iarratais in earnálacha straitéiseacha le haghaidh éiceachóras nuálaíochta an Aontais lasmuigh den earnáil TFC a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2021/1883, i gcomhréir le hAirteagal 2(9)(b) den Treoir.

**Bearta chun amanna próiseála a ghiorrú**

11. Ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta éascaithe nó mear a bhunú do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe nuálacha chun víosa fadfhanachta nó cead cónaithe a fháil, i gcomhar le gníomhaithe nuálaíochta atá aitheanta nó formhuinithe ag údaráis náisiúnta (e.g. gorlanna, luasairí, gníomhaireachtaí nuálaíochta, páirceanna teicneolaíochta deimhnithe). Ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta éascaithe nó meara a chur i bhfeidhm go háirithe do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna agus fiontraithe nuálacha atá rannpháirteach i gcláir nuálaíochta náisiúnta nó i gcláir nuálaíochta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas amhail Fís Eorpach, lena n-áirítear an Chomhairle Nuálaíochta

Eorpach, an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, Eurostars EUREKA nó atá rannpháirteach i dtionscadail a fhaigheann tacaíocht ó InvestEU.

12. Ba cheart do na Ballstáit iarratais ar víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (lena n-áirítear iarratais ar athnuachan) mac léinn idirnáisiúnta, taighdeoirí agus oibrithe ardcháilithe agus ardoilte in earnálacha ETIM agus in earnálacha eile a bhaineann leis an nuálaíocht, chomh maith le bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe nuálacha, a phróiseáil a luaithe is féidir agus moltar dóibh é sin a dhéanamh laistigh de 30 lá ó chur isteach an iarratais.

13. I gcomhréir freisin leis na cuspóirí a leagtar amach sa Mholadh ón gComhairle maidir leis 'An Eoraip ag Gluaiseacht'[18], cheart do na Ballstáit iarratais ar víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe (lena n-áirítear athnuachaintí) mac léinn agus taighdeoirí idirnáisiúnta a thagann chuig an Aontas faoi chláir arna gcistiú ag an Aontas, amhail Erasmus+ nó Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, deontais de chuid na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus scéimeanna eile a bhfuil sé i gceist acu foirne tréitheacha T&N a mhealladh, a phróiseáil a luaithe is féidir, agus moltar dóibh é sin a dhéanamh laistigh de 30 lá ó chur isteach an iarratais.

14. Ba cheart do na Ballstáit staonadh ó dhoiciméadacht neamhriachtanach a iarraidh ag céimeanna éagsúla den nós imeachta um ligean isteach, ar doiciméadacht í a cuireadh isteach cheana ag céim níos luaithe den nós imeachta, amhail cóipeanna de chonarthaí fostaíochta, cruthúnas ar chóiríocht, aistriúcháin oifigiúla nó dlisteanú dioplómaí, agus ba cheart dóibh gníomhú ar bhonn muinín fhrithpháirteach i mbarántúlacht agus i gcruinneas na ndoiciméad a sholáthraítear. I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 2016/801, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar ghlacadh le doiciméadacht i dteangacha oifigiúla de chuid an Aontais seachas a dteangacha oifigiúla, nó ar a laghad i mBéarla.

15. Ba cheart do na Ballstáit cead a thabhairt d'iarratasóirí idirnáisiúnta ar mhic léinn iad nósanna imeachta inimirce a thionscnamh sula n-íocfar na táillí teagaisc iomlána, ar choinníoll go soláthrófar cruthúnas gur íocadh an méid iomlán ar a dhéanaí nuair a eiseofar an víosa fadfhanachta nó an cead cónaithe.

16. I gcás nach n-eisíonn Ballstáit ceadanna cónaithe ach ar a gcríoch féin agus ina dteastaíonn víosa ó iarratasóirí chun dul isteach sa chríoch, ba cheart do na Ballstáit eisiúint an víosa riachtanaigh a phróiseáil a luaithe is féidir, agus laistigh den teorainn ama fhoriomlán chéanna 30 lá a mholtar faoi phointí 12 agus 13 den Mholadh seo. Ba cheart a chumhdach leis an teorainn ama sin freisin an t-am a theastaíonn ó na húdaráis inniúla chun staid mhargadh an tsaothair a sheiceáil, i gcás inarb infheidhme.

17. Moltar do na Ballstáit gan tástálacha ar mhargadh an tsaothair a chur i bhfeidhm do thaighdeoirí agus d'oibrithe ardcháilithe agus ardoilte ach amháin nuair is gá sin, agus gan iad a chur i bhfeidhm chun an cead cónaithe a athnuachan nó i gcásanna soghluaisteachta laistigh den Aontas. Moltar do na Ballstáit freisin gan tástálacha ar mhargadh an tsaothair a chur i bhfeidhm maidir le gairmeacha a bhfuil ganntanais struchtúracha lucht saothair ag bagairt orthu agus maidir gairmeacha a rannchuidíonn le héiceachóras nuálaíochta an Aontais, lena n-áirítear sna hearnálacha a bhaineann le

[18] Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách, IO C, C/2024/3364, 14.6.2024.

ETIM. Nuair a dhéantar tástálacha ar mhargadh an tsaothair, ba cheart iad a bheith tapa, comhréireach agus trédhearcach.

## Ó MHEALLADH GO COINNEÁIL, DAOINE TRÉITHEACHA IDIRNÁISIÚNTA A CHOINNEÁIL SAN AONTAS

**Bearta chun deiseanna fostaíochta fiontraíocha agus fadtéarmacha a fheabhsú**

18. Ba cheart do na Ballstáit feasacht a mhúscailt i measc mic léinn agus taighdeoirí idirnáisiúnta maidir leis an bhféidearthacht atá acu fanacht ar chríoch na mBallstát sin ar feadh 9 mí ar a laghad tar éis dóibh staidéar nó taighde a chur i gcrích chun post a chuardach nó chun gnólacht a chur ar bun, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 25(1) de Threoir (AE) 2016/801. D'fhéadfaí síneadh a chur leis an tréimhse sin, i gcás inarb ábhartha, chun dóthain ama a thabhairt do chéimithe agus do thaighdeoirí post a aimsiú atá ag teacht lena leibhéal scileanna nó gníomhaíocht fiontraíochta a sheoladh.

19. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá ann, dá bhforáiltear faoi Airteagal 15(5) de Threoir (AE) 2021/1883, cead a thabhairt do shealbhóirí Chárta Gorm AE dul i mbun gníomhaíochtaí gairmiúla eile atá comhlántach lena bpríomhghníomhaíocht mar shealbhóir Chárta Gorm AE, gan difear a dhéanamh dá gcearta cónaithe mar shealbhóirí Chárta Gorm AE. Tá an tsolúbthacht sin ábhartha go háirithe in TFC agus in earnálacha eile atá dírithe ar an nuálaíocht, áit a bhféadfaí oibrithe ardcháilithe agus ardoilte a spreagadh chun tionscadail fiontraíochta a thástáil agus a fhorbairt agus a bpríomhghníomhaíocht á coinneáil faoina stádas mar shealbhóir Chárta Gorm AE ag an am céanna.

**Bearta chun daoine tréitheacha a choinneáil**

20. Ba cheart do na Ballstáit rochtain na mac léinn, na dtaighdeoirí, na n-oibrithe ardcháilithe agus ardoilte, na mbunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus na bhfiontraithe nuálacha is fearr ar sheirbhísí agus ar líonraí tacaíochta ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a éascú chun cabhrú leo socrú agus leanúint dá ngníomhaíochtaí gairmiúla san Aontas. Is pointe tagartha do thaighdeoirí cheana féin é EURAXESS. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar thacaíocht bhreise don nuálaíocht:

- faisnéis maidir le cláir spriocdhírithe luasghéaraithe gnó agus meantóireachta do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus d'fhiontraithe nuálacha;
- forbairt gairme, lena n-áirítear seirbhísí cuardaigh poist agus socrúcháin do chéimithe idirnáisiúnta agus d'acadóirí idirnáisiúnta;
- oideachas fiontraíochta a chur chun cinn, chomh maith le tionscnaimh uas-scilithe agus athscilithe do ghairmithe;
- tacaíocht chun cóiríocht a aimsiú, faisnéis maidir le maoin a fháil ar cíos, déileáil le soláthraithe tithíochta agus riaracháin áitiúla;
- tacaíocht chun scileanna teanga a fhoghlaim nó a fheabhsú;
- cúnamh le foirmiúlachtaí riaracháin, lena n-áirítear clárú áitiúil, cánachas, rochtain ar sheirbhísí sláinte, agus slándáil shóisialta;
- tacaíocht do chéilí nó do pháirtithe, chun post a chuardach nó chun gnólacht a bhunú, lena n-áirítear oiliúint teanga;

– cúram leanaí agus clárú scoile a éascú do leanaí, ón luathchéim agus i rith na bliana, agus a áirithiú freisin go n-aithnítear staidéir roimhe sin go cuí mar staidéir choibhéiseacha.

21. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le taighdeoirí incháilithe, oibrithe ardcháilithe agus ardoilte, bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe nuálacha rochtain éifeachtach a fháil ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit faisnéis shoiléir a sholáthar maidir le coinníollacha incháilitheachta, nósanna imeachta agus na cearta a ghabhann leo, agus ba cheart dóibh comhordú a éascú idir údaráis áitiúla, eintitis óstacha agus eintitis tacaíochta chun tréimhsí cónaithe agus coinníollacha lánpháirtíochta a fhíorú.

22. Ba cheart do na Ballstáit rochtain ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a éascú do shealbhóirí Chárta Gorm AE, mar a fhoráiltear le hAirteagal 18(2) de Threoir (AE) 2021/1883, trí charnadh tréimhsí cónaithe a chuirtear isteach i mBallstáit éagsúla a chumasú. Ba cheart dóibh freisin rochtain ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a éascú d'iar-mhic léinn idirnáisiúnta a fhanann san Aontas tar éis dóibh céim a bhaint amach, agus tar éis dóibh post a fháil. Sna cásanna sin, mar a cheadaítear le hAirteagal 4(2) de Threoir 2003/109/CE ón gComhairle, moltar do na Ballstáit leath na dtréimhsí cónaithe chun críoch staidéir a chur san áireamh agus an tréimhse 5 bliana is gá á ríomh chun stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil.

23. Ba cheart do na Ballstáit na hamanna próiseála céanna de 30 lá dá bhforáiltear i bpointí 12 agus 13 a chur i bhfeidhm maidir leis baill teaghlaigh tionlacain taighdeoirí agus oibrithe ardcháilithe, ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar chead cónaithe ag an am céanna leis an taighdeoir nó leis an oibrí ardcháilithe, i gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Threoir (AE) 2016/801 agus Airteagal 17(4) de Threoir (AE) 2021/1883. Ba cheart taighdeoirí agus oibrithe ardcháilithe a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht sin chomh maith le cearta na mball teaghlaigh rochtain a fháil ar an margadh saothair, ar sheirbhísí cúraim sláinte, ar oideachas agus ar ghairmoiliúint.

**Bearta chun soghluaisteacht laistigh den Aontas a chothú**

24. Ba cheart do na Ballstáit iarratasóirí a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le soghluaisteacht laistigh den Aontas do mhic léinn idirnáisiúnta, do thaighdeoirí agus do shealbhóirí Chárta Gorm AE. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go gcuirfear údaráis náisiúnta ábhartha agus institiúidí taighde agus oideachais ar an eolas faoi rialacha na soghluaisteachta laistigh den Aontas.

25. Ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear le hAirteagail 27 go 31 de Threoir (AE) 2016/801 agus le hAirteagail 20, 21 agus 22 de Threoir (AE) 2021/1883 chun nósanna imeachta maidir le soghluaisteacht laistigh den Aontas a shimpliú agus a chuíchóiriú. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a mheas:

– soghluaisteacht mac léinn idirnáisiúnta a cheadú gan ceangal a chur ar an mac léinn ná ar na hinstitiúidí ardoideachais fógra a thabhairt d'údaráis inniúla an dá Bhallstát[19];

– soghluaisteacht ghearrthéarmach taighdeoirí (agus a mbaill teaghlaigh) a cheadú gan ceangal a chur ar an taighdeoir ná ar an eagraíocht taighde fógra a

[19] Foráiltear le hAirteagal 31(2) de Threoir (AE) 2016/801 go bhfuil sé roghnach don dara Ballstát (ina bhfuil sé beartaithe ag mac léinn cuid dá staidéar a dhéanamh) nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le soghluaisteacht mac léinn a éileamh.

thabhairt do na húdaráis inniúla, dá bhforáiltear le hAirteagail 28 agus 30 de Threoir (AE) 2016/801;

– cead a thabhairt do shealbhóirí Chárta Gorm AE gníomhaíochtaí gnó a dhéanamh le linn gluaiseacht ghearrthéarmach laistigh den Aontas, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 2(13) de Threoir (AE) 2021/1883, mar shampla rannpháirtíocht i dtionscadail nuálaíochta, gníomhaíochtaí meantóireachta nó comhroinnte eolais, rannpháirtíocht fiontraíochta (e.g. goradh gnólachtaí nuathionscanta, cláir luathaithe, cuideachta nuálach a sheoladh nó dul isteach inti), agus socrúcháin shealadacha teagaisc nó taighde in ollscoileanna nó in eagraíochtaí taighde. Ba cheart liosta na ngníomhaíochtaí sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus a chur ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 24(1), an dara fomhír, pointe (a), de Threoir (AE) 2021/1883;

– úsáid a bhaint as an nós imeachta simplithe um fhógra a thabhairt le haghaidh soghluaisteacht fhadtéarmach taighdeoirí agus a mball teaghlaigh, dá bhforáiltear le hAirteagal 29(1)(a) agus le hAirteagal 30(2) de Threoir (AE) 2016/801, in ionad an nós imeachta lena gceanglaítear iarratas nua;

– an doiciméadacht is gá le haghaidh soghluaisteacht laistigh den Aontas do mhic léinn, do thaighdeoirí agus do shealbhóirí Chárta Gorm AE agus dá mbaill teaghlaigh a theorannú do ghnéithe bunriachtanacha, amhail doiciméad taistil bailí agus údarú arna eisiúint ag an gcéad Bhallstát. Níor cheart doiciméid eile amhail cruthúnas ar árachas breoiteachta, acmhainní nó seoladh a iarraidh arís ach amháin má tá géarghá leis sin. Ba cheart glacadh le doiciméid i mBéarla.

## ACMHAINNEACHT AGUS ROCHTAIN AR FHAISNÉIS A FHEABHSÚ, SÁSRAÍ COMHORDÚCHÁIN A CHUR CHUN CINN

### Bearta chun acmhainneacht riaracháin a neartú

26. Ba cheart do na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a chuir ar fáil dá n-údaráis inniúla, lena n-áirítear ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha, chun iarratais a láimhseáil go héifeachtúil, go háirithe i suíomhanna ina bhfaightear líon ard iarratas agus le linn buaicphointí séasúracha (e.g. na míonna roimh thús na bliana acadúla).

27. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oiliúint rialta chuimsitheach ar an bpearsanra ábhartha, go háirithe ar an bhfoireann chonsalach, maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratais agus ar dhoiciméadacht ábhartha, chun go mbeidís in ann comhairle a chur ar iarratasóirí chun iarratais thráthúla agus iomlána a áirithiú.

28. Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as ionstraimí de chuid an Aontais atá ar fáil, go háirithe an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, chun tacú le fothú acmhainneachta, atreisiú foirne agus oiliúint, chomh maith leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil chun tacú lena n-iarrachtaí na hathchóirithe struchtúracha is gá a cheapadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu chun feabhas a chur ar an acmhainneacht bainistithe imirce agus ar an gcomhordú trasearnála, agus an clár taighde Fís Eorpach chun tacú le fianaise agus sonraí ábhartha a bhailiú[20].

[20] Féach tionscadail taighde de chuid Fís Eorpach arna gcistiú faoin topaic *HORIZON-CL2-2023-TRANSFORMATIONS-01-03 (Cur chuige nuálach i leith comhpháirtíochtaí tallainne)*.

**Bearta chun rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú**

29. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis shoiléir a sholáthar maidir leis na doiciméid is gá le haghaidh víosa fadfhanachta nó iarratas ar chead cónaithe, lena n-áirítear samplaí d'fhianaise inghlactha le haghaidh ceanglas, amhail '*acmhainní leordhóthanacha*', agus maidir le hamlíne an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa agus ar chead cónaithe.

30. Ba cheart do na Ballstáit uirlisí agus tionscnaimh náisiúnta agus uile-Aontais atá ann cheana a úsáid agus a chur chun cinn, chun rochtain ar fhaisnéis a éascú do dhaoine tréitheacha nach as an Aontas dóibh, amhail Tairseach Inimirce an Aontais, Mol Deiseanna Chomhghuaillíocht na Náisiún um Ghnólachtaí Nuathionscanta na hEorpa do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta, agus Tairseacha EURAXESS agus an Tairseach 'Roghnaigh an Eoraip' do thaighdeoirí. Trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a dhearadh agus a fhorbairt, féachfaidh an Coimisiún le cóineasú a chruthú idir na huirlisí agus na tionscnaimh atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, chun sineirgí agus chun simpliú a chur chun cinn.

31. A mhéid a bhaineann leis an oibleagáid faisnéis a dhéanamh inrochtana go héasca maidir le coinníollacha iontrála agus cearta do mhic léinn, do thaighdeoirí agus d'oibrithe ardcháilithe mar a cheanglaítear faoi Airteagal 35 de Threoir (AE) 2016/801 agus faoi Airteagal 24 de Threoir (AE) 2021/1883, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as tairseacha lárnacha ar líne a bhfuil pointe iontrála aonair acu, atá ar fáil freisin ar fheidhmchláir mhóibíleacha, ina bhfuil ábhar ilteangach, ceisteanna coitianta, botaí comhrá nó línte cabhracha ar fáil. Ba cheart do na tairseacha sin treoracha idirghníomhacha a chur ar fáil maidir le hiarratais a ullmhú agus maidir le gnéithe praiticiúla a bhaineann leis an bhfanacht sa Bhallstát, amhail tithíocht, cúram sláinte, baincéireacht agus cánachas. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás náisiúnta agus na ngníomhaithe nuálaíochta fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis cruinn, cuimsitheach agus cothrom le dáta. Ba cheart do náisiúnaigh tríú tír a bheith in ann iarratas díreach a dhéanamh freisin ar an víosa fadfhanachta nó ar an gcead cónaithe ar an ardán céanna ar líne.

32. Moltar do na Ballstáit comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta maidir le bearta chun slándáil doiciméad, bainistiú céannachta agus malartú faisnéise a neartú, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar 'imirce daoine oilte'. Is féidir leis an gcomhar sin rannchuidiú le muinín fhrithpháirteach agus sláine na nósanna imeachta um ligean isteach a neartú, lena gcomhlánaítear tionscnaimh faoi chomhpháirtíochtaí cuimsitheacha an Aontais, Comhpháirtíochtaí Tallainne, agus comhar le comhpháirtithe um méadú agus comhpháirtithe comharsanachta.

**Bearta chun comhordú a threisiú**

33. Ba cheart do na Ballstáit comhordú, cumarsáid agus malartú faisnéise éifeachtach a áirithiú idir údaráis inimirce agus saothair, ar thaobh amháin, agus eintitis óstacha agus tacaíochta, go háirithe eagraíochtaí taighde agus institiúidí ardoideachais, luasairí gnólachtaí nuathionscanta agus gorlanna, gníomhaireachtaí nuálaíochta agus comhlachais tráchtála, ar an taobh eile. Ba cheart do na húdaráis inniúla pointí teagmhála a cheapadh chun malartuithe díreacha slána le heintitis óstacha agus tacaíochta a éascú.

34. Ba cheart do na Ballstáit socruithe a chur chun cinn, faoinar féidir le heintitis óstacha agus tacaíochta cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí le linn an phróisis maidir le

hiarratas a chur isteach chun a áirithiú go mbeidh iarratais comhlánaithe sula gcuirfear chuig na húdaráis inimirce iad.

35. Ba cheart do na Ballstáit eintitis óstacha agus tacaíochta a chur ar an eolas faoi na meán-agaí próiseála chun go mbeifear in ann na doiciméid is gá a chur isteach go tráthúil (e.g. socrú óstála, cruthúnas ar ghlacadh ollscoile) i bhfad roimh ré, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 90 lá roimh thús an tionscadail taighde nó na bliana acadúla. Chun moilleanna riaracháin a chosc agus chun ligean isteach tráthúil a áirithiú, ba cheart bealaí díreacha faisnéise a bhunú chun fógra a thabhairt do na húdaráis inimirce faoi iontrálacha mac léinn idirnáisiúnta déanacha nó faoi athruithe ar dhátaí clárúcháin.

36. Ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt d'iarrataí déanacha ar chead isteach chun é a chur ar a gcumas do mhic léinn idirnáisiúnta taisteal roimh thús na bliana acadúla agus chun cur isteach luath iarratas ar víosaí fadfhanachta agus ar chead cónaithe a cheadú chun buaicphointí séasúracha a sheachaint agus chun seirbhísí consalacha a mhaolú.

**Tacaíocht agus rialachas ón gCoimisiún**

37. Moltar do na Ballstáit comhoibriú agus faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara eile, maidir le bearta chun tallann a mhealladh don nuálaíocht, lena n-áirítear trí fhoghlaim fhrithpháirteach agus trí mhalartú dea-chleachtas. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú leis an Ardán um Tallann don Nuálaíocht a Mhealladh a thionólfaidh an Coimisiún chun saineolaithe imirce, fostaíochta, oideachais agus nuálaíochta a thabhairt le chéile i bhfóraim atá ann cheana - amhail an Grúpa Teagmhála um Imirce Dhleathach, an tArdán maidir le hImirce Saothair, an Mheitheal um Ardoideachas, agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach - chun sineirgí a chruthú, comhordú idir údaráis phoiblí agus páirtithe leasmhara a áirithiú, agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta.

38. Chun tacú leis an bhfaireachán ar an Moladh seo agus le daoine tréitheacha a mhealladh don nuálaíocht, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na tionscnaimh, na hathchóirithe, na dea-chleachtais agus an staidreamh náisiúnta ábhartha, a ndéanfaidh an Coimisiún breithniú orthu le linn 2026 - agus ar bhonn rialta ina dhiaidh sin - freisin i bhfianaise coigeartuithe reachtacha spriocdhírithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun nósanna imeachta a dhéanamh níos simplí agus níos freagrúla d'uaillmhianta iomaíochais agus nuálaíochta an Aontais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29.1.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*

*Magnus BRUNNER*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**
**Stiúrthóir**
**Cinnteoireacht agus Coláisteacht**
An Coimisiún Eorpach